# Tréimhse Cónaitheach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe d'Éalaíontóirí in Áras Éanna

# Treoirlínte

Réamhrá

Mar a leagtar amach in *Treoracha Nua: Plean Straitéiseach do na hEalaíona 2021 – 2026*, tá Oifig Ealaíon Chomhairle Cathrach na Gaillimhe tugtha don fhorbairt ar shaothraithe cruthaitheachta agus ar réimse forleathan an chultúir i gcathair na Gaillimhe. Oibrítear go dlúth leis an gComhairle Ealaíon d'fhonn cur chuige atá follasach cothrom a thabhairt chun cinn maidir le hinfheistíocht agus forbairt agus gealltar bearta, acmhainní agus deiseanna a chur ar fáil go seasta d'ealaíontóirí.

## An chuspóir leis an tréimhse cónaitheachta

Cuidíonn an deontas le Saothraí Cruthaitheachta atá lonnaithe i gCathair na Gaillimhe tréimhse a chaitheamh in Ionad Ealaíne Áras Éanna ar Inis Oírr ón **5 - 29 Bealtaine 2026**. Tá an tréimhse cónaitheachta seo oscailte ag saothraithe cruthaitheachta ar fud réimse iomlán na cruthaitheachta. An tráth deiridh iarratais – an 13 Aibreán 2026 ag 4 i.n.

**Daoine atá incháilithe maidir le cur isteach ar an Sparánacht**

(i) Saothraithe Aonair Cruthaitheachta a shaothraíonn sna réimsí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Ailtireacht | Ealaín Fuaime |
| Ealaíona Pobalghníomhacha | Amharclannaíocht |
| Sorcas | Ealaíona Traidisiúnta |
| Ealaíona Digiteacha | Ildánaíocht |
| Damhsa | Ceol |
| Scannánaíocht & Físeáin | Ceoldrámaíocht |
| Litríocht (Gaeilge & Béarla) | Amharcealaín |
| Ealaín Sráide agus Mórthaibhsiú | Daoine Óga agus Leanaí |

An ceart Féile a thabhairt san áireamh?

(ii) Is acu siúd amháin a chónaíonn i limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe atá deis cur isteach ar an deontas seo. Más i gContae na Gaillimhe atá cónaí ort, bíonn scéimeanna den chineál céanna ag Oifig Ealaíne Chomhairle Chontae na Gaillimhe a bhféadfá a bheith i dteideal cur isteach orthu.

(iii) Is d'iarratasóirí atá 18 mbliana d'aois agus níos sine amháin Deontais Sparánachta.

**Níl siad seo a leanas i dteideal iarratas a dhéanamh**

• Mic léinn fochéime.

• Duine atá ag dul faoi oideachas lánaimseartha faoi láthair.

• Eagras ealaíne nó grúpa pobail.

**A dtagann faoi scáth na Sparánachta**

- Taisteal ar bhád farantóireachta isteach ar an oileán agus amach
- Cóiríocht agus áiseanna stiúideo in Áras Éanna.
- Úsáid as áiseanna eile in Áras Éanna (amharclann/dánlanna/ceamaraí etc.) nuair atá siad ar fáil
- Tuarastal €2000

**Critéir**

Tabharfar na nithe seo a leanas san áireamh agus iarratas á mheas:

| | | |
|---|---|---|
| A | **Ardchaighdeán agus Ardaidhm Ealaíontóireachta**<br>- Caighdeán do chuid saothair agus do mhodh oibre<br>- Fianaise go bhfuiltear ag saothrú maidir le taispeántas, foilseachán nó taibhréimeanna a mbeadh tréimhse cónaitheachta in Áras Éanna ina chúnamh láidir ina leith | 25% |
| B | **Ardchaighdeán Samplaí Saothair agus Cúlra Ealaíne**<br>- Cúlra do shaol ealaíne agus teist chruthanta ar shaothrú na healaíne agat a mheas<br>- Fianaise ar bheart suntasach i do rogha réimse nó ar chuid mhór acmhainneachta ina leith | 25% |
| C | **An Toradh Ionchais ar Fhorbairt Ealaíontóireachta an Duine**<br>- Cibé an mbeidh toradh tairbheach sochrach ag an saothar seo ar shaothrú/shaol ealaíne an ealaíontóra | 25% |

| | | |
|---|---|---|
| **D** | **Indéantacht**<br>- Soiléire an togra a chuirtear i láthair agus ar mian leat a bhaint amach de thoradh an tréimhse in Áras Éanna<br>- An acmhainn atá ionat an saothar a dhéanamh agus dea-thoradh air a thabhairt i gcrích | 25% |

## Measúnú

Ní mór d'iarratas a bheith istigh tráth nach deireanaí ná an 4.00 i.n. ar an 13 Aibreán 2026. Ní féidir glacadh le hiarratas atá mall. Seolfar admháil fhoirmeálta maidir le d'iarratas, ar a mbeidh uimhir thagartha, sula mbíonn coicís caite ón dáta deiridh iarratais. Is ortsa an cúram scéal a chur chuig an Oifig Ealaíon ag arts@galwaycity.ie mura dtagann an admháil sin chugat lena linn sin.

Daoine de mheitheal Riaracháin na hOifige Ealaíon a dhéanfaidh próiseáil ar d'iarratas. Is féidir iarratas ar bith ar léir air nach dtagann sé leis na treoirlínte agus na critéir incháilitheachta a chur as an áireamh an tráth seo.. Coimeádann Comhairle Cathrach na Gaillimhe de cheart iarratais a chur ar mhalairt treo lena meas faoi réimsí eile seachas an ceann ar cuireadh isteach air, sa chás go meastar gurbh chun tairbhe an iarratasóra sin a dhéanamh. Cuirtear moltaí ansin faoi bhráid Chruinniú de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe lena n-aontú ag na comhaltaí tofa i dtús na bliana 2026. Is féidir leis an gComhairle

Cathrach, dá toil féin, deontas a choinneáil siar. Is faoi réir ag cistí a bheith ar fáil a thairgítear deontais.

**Iarratas a Dhéanamh**

- Cuimhnigh go mbeidh daoine éagsúla i gceist le cinneadh a dhéanamh; bíodh d'iarratas soiléir, beacht, gan athbhrí.
- Ná tosaigh leis an tuiscint go bhfuil eolas ar do shaothar – déan gach iarratas mar a bheadh an chéad iarratas riamh á dhéanamh agat.
- Cuimhnigh go ndéantar d'iarratas a mheas bunaithe ar iomlán an eolais a chuirtear ar fáil i gcomhthéacs iomaíochta lena mbaineann líon mór iarratas eile.
- Cuireann aon iarracht stocaireachta an t-iarratasóir as an áireamh.

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith ag gabháil le gach iarratas:

- Cruthúnas maidir le Seoladh
- C.V. – 2 leathanach ar a mhéid
- Sampla de do chuid saothair lena dtabharfaí san áireamh - íomhánna, téacs, ceapadóireacht, fuaim agus/nó físeán.

**An tIarratas a Chur Isteach**

Ní mór gach iarratas a chur isteach ar líne trí Submit a úsáid. Cinntigh go gcuirtear an cháipéisíocht ar fad a iarrtar ar fáil. Tabhair ar aird gur 15mb an ceangaltán is mó atá ár bhfreastalaí in ann glacadh leis. Ní féidir glacadh le heolas breise ó bhíonn an dáta deiridh d’iarratais caite. Ba chóir don iarratasóir féachaint le hiarratas a chur isteach go luath ionas go bhfágtar am le haon leasú nó soiléiriú a dhéanamh.

Ní mór clárú ar an láithreán gréasáin www.galwaycity.ie/artsgrants chun iarratas a dhéanamh. A luaithe a bhíonn sin déanta agat, is féidir an fhoirm iarratais a thapú agus an cháipéisíocht tacaíochta a chur faoi bhráid. Déan teagmháil le arts@galwaycity.ie chomh luath agus is féidir má theastaíonn cúnamh uait le d’iarratas. Má tá tú faoi mhíchumas a fhágann gur deacair ár gcuid Seirbhísí Ar Líne a úsáid nó a thapú, scríobh chugainn ar an ríomhphost ag arts@galwaycity.ie agus beifear breá sásta cuidiú leat.

Ní bheidh iarratas uait bailí mura ndéanann tú:

- Clárú ar an láithreán gréasáin (má chláraigh tú roimhe seo, ní gá duit clárú arís)
- Foirm iarratais atá líonta isteach go hiomlán a chur faoi bhráid

- An cháipéisíocht uilig a iarrtar a chur faoi bhráid leis an bhfoirm iarratais (ní féidir glacadh le cáipéisíocht breise tar éis an dáta deiridh iarratais)
- D'iarratas a chur isteach faoin tráth deiridh ar an 13 Aibreán 2026.

**Coinníollacha maidir le hIarratasóirí a nÉiríonn Leo**

- Ní mór don tréimhse cónaitheachta tarlú i rith na bliana 5-29 Bealtaine 2026.
- Is chun na cuspóirí a leagtar amach san iarratas amháin an tréimhse cónaitheachta.
- Sa chás go ndéantar imeacht nó togra a athrú, a chur ar atráth nó ar ceal – go hiomlán nó i bpáirt – ní mór caidreamh a dhéanamh leis an Oifig Ealaíon leis an gcás a phlé.
- Ní mór Comhairle Cathrach na Gaillimh a lua san ábhar poiblíochta, preasa agus margaíochta a chuirtear ar fáil i ndáil leis an saothar nó leis an imeacht agus sin i gcomhréir leis na Treoirlínte Admhála atá ar fáil ar an láithreán gréasáin againn.
- Ní mór cuntas i scríbhinn ar ar taithíodh le linn an tréimhse cónaitheachta, an tionchar ar ghnás saothraithe an ealaíontóra san áireamh, a sheoladh chuig an Oifig Ealaíon taobh istigh de choicís ó dheireadh a theacht leis an tréimhse cónaitheachta.

- Ní mór a chinntiú go mbíonn gach cead nó toiliú a theastaíonn faoin reachtaíocht faighte sula dtosaítear ar aon chuid den mhargaíocht. Tagann san áireamh leis sin a chinntiú gur seiceáladh toiliú maidir le RGCS (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) agus MI (Maoin Intleachtúil) i ndáil le híomhánna a úsáid ar mhaithe le cúrsaí margaíochta.

**Saoráil Faisnéise**

Tá gach fáilte romhat aiseolas a iarraidh sa chás nach gceadaítear cistíocht maidir le d'iarratas. Moltar go mór duit sin a dhéanamh ó d'fhéadfadh sé a bheith ina chabhair agat maidir le hiarratas ar sparánachtaí eile san am atá romhainn.

Glacann Comhairle Cathrach na Gaillimhe uirthi féin, aon fhaisnéis a chuireann iarratasóir ar fáil a choinneáil faoi rún, faoi réir ag a leagtar de dhualgas ar an gComhairle faoin dlí, an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 san áireamh.  Iarrtar ar iarratasóirí smaoineamh an bhfuil aon chuid den fhaisnéis a chuirtear ar fáil nár cheart, mar gheall ar chúrsaí íogaire, é a scaoileadh amach ar an gcaoi sin. Más amhlaidh an cás, ba cheart d'iarratasóir, an tráth a mbíonn an fhaisnéis á cur ar fáil, í a thabhairt chun suntais agus na cúiseanna go bhfuil an fhaisnéis sin íogair a chur in iúl go sonrach. Sa chás nach sonraítear faisnéis a bheith íogair agus nach

measann Comhairle Cathrach na Gaillimhe, ar an gceist a bhreithniú, go bhfuil sí íogair, tá i ndán sa chás sin go bhféadfaí faisnéis a scaoileadh amach mar gheall ar iarratas Saorála Faisnéise gan dul i gcomhairle arís leis an iarratasóir. Tiocfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe i gcomhairle le hiarratasóirí faoi fhaisnéis íogair sula ndéantar cinneadh faoi aon iarratas a thagann isteach faoin Acht um Shaoráil Faisnéis.

Beidh sonraí faoi na hiarratasóirí a n-éiríonn leo á bhfoilsiú ar an láithreán gréasáin agus ar chainéil meán sóisialta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

**Cosaint Sonraí**

Déanfar an fhaisnéis phearsanta ar fad a fhaightear a choinneáil i gcomhréir lenár bPolasaí Cosanta Sonraí, atá ar fáil anseo.

**Fiosruithe**

Ríomhphost: arts@galwaycity.ie le “Fiosrú faoin Tréimhse Cónaitheachta in Áras Éanna 2026” sa líne maidir le hábhar na teachtaireachta. Cinntigh le do thoil go ndéanann tú fiosrú sách luath le freagra a bheith agat in am don iarratas.